


Paidir le Linn Scrúduithe



A Thiarna, bí liom le linn mo scrúduithe sna laethanta atá romham.

Cuir treoir orm, a Spioraid Naoimh, le gur féidir liom mo chuid eolais a léiriú sna scrúduithe.

Cabhraigh liom fanacht socair agus, cuma cad a tharlaíonn, an pictiúr mór a fheiceáil i gcónaí.

Tá na scrúduithe seo tábhachtach domsa, ach tá a fhios agam cad iad na buanna atá agam. Bí liom ionas gur féidir liom an buntáiste is fearr a bhaint as na buanna seo agus gach scrúdú a fhágáil agus mo dhícheall déanta agam.

I ndeireadh an lae, cabhraigh liom a thuiscint nach bhfuil sna scrúduithe seo ach cuid bheag de mo shaol iomlán mar dhuine.